

AN DÚICHE I LÁR NA GCOGAÍ

Zdravko Duša



Aistrithe ag Máire Ní Chualáin

focailéile
|||



drugebesede
|||

An dúiche i lár na gcogaí

Zdravko Duša

Bhí sé i gceist go mbeadh sleachta as *Zgodovina Tolminskega* (stair cheantair *Tolmin*) a d'fhoilsigh Simon Rutar in 1882 ag tús an leabhair seo ó cheart. B'shin an bealach ba chiallmhaire le tabhairt faoi a ceapadh, ach ansin tháinig athrú ar an scéal. De réir mar bhí na leathanaigh agus na caibidlí fada a bhí lán le huafás ag carnadh, leathanaigh a bhí ag cur síos ar an eachtra aonair ba thábhachtaí i stair Tolmin de réir cosúlachta - an Fronta Soča (Isonzo) le linn an Chéad Chogadh Domhanda – chuir ceann de na saothair ba chinniúnaí faoin tréimhse sin, *Koraki skozi meglo* (Stepping Through the Fog) le Vasja Klavora slí eile ar fáil le tosú ar an leabhar. Ní mar gheall gur mar sin a rinne mé féin mo bhealach isteach go croílár cheantair Tolmin; tá a fhios agam go díreach céard dó a bhfuil sé ag tagairt. Thuig mé é mar is féidir an ceantar seo de Tolmin atá níos géire a chuimsiú in aon radharc amháin; agus bhí na críocha a bhí mé a chuardach fad agus a bhí mé ag roghnú agus ag caitheamh uaim gach a raibh scríofa agam, bhí siad chomh glan lena bhfaca tú riamh abhus anseo. De réir mar a léigh mé an cur síos ar an radharc a bhíonn os do chomhair agus tú ag casadh ar dheis faoi Chnoc Mengore agus os cionn Volče, agus nochtann radharc leathan imlínte an áitribh thíos faoin mbóthar, an sráidbhaile taobh thiar de; St Daniel ar dheis agus é níos ísle agus faoin sráidbhaile; sraitheanna de radhairc sa chúlra níos faide agus níos airde, trasna páirceanna agus cnoic agus sléibhte, suas chomh fada leis na scamaill, a bhíonn le feiceáil an bealach ar fad ó choirnéal Bohinj. Níl aon bhealach níos gonta lena rá. Ach thar aon ní eile, ní féidir an tírdhreach, an stair agus imlíne d'oidhreacht agus de thréithe na ndaoine a chónaíonn anseo - agus taitneamh a bhaint as a gcomhlúadar - a tharraingt le chéile níos áille ná mar a rinne Klavora é.

Dá réir sin, ba cheart go mbeadh an ceantar idir Bučenica agus Modrej suas chomh fada le Most na Soči istigh le habhantracht Tolmin; is i dtreo an iarthair trasna na mbailte Kozmerice agus Sela a théann na cuntais ón gCéad Chogadh Domhanda; san áireamh tá Kozaršče, Čiginj, Volče agus Mengore sa lár agus tú ag leanúint teorainneacha Cheann Droichid Tolmin. San oirthear, ar ndóigh, tá na tailte móinéir le hais Abhainn Idrijca suas chomh fada le Trebuša, na haltáin agus na fánaí cois Abha an Bača, agus an tArdchlár Šentviška Planota. Is réabhlóidithe agus fir léinn is mó a tháinig ón áit seo. B'as Most na Soči na scríbhneoirí Ivan Pregelj agus Saša Vuga; tháinig forás ar Ciril Kosmač ní b'fhaide ó thuaidh, in Slap ob Idrijci. Ní raibh muintir mór le rá aige féin ná ag Pregelj, mar a bhí i gcás Vuga; is i mbothán in Bukovica, mar a tugadh ar an teach in aice Abhainn Idrijca, a thaispeáin a athair an luach uilíoch a bhaineann le mórtas daonna dó. Sa deireadh, is beag nár tháinig an tírdhreach liteartha go díreach le teorainneacha bardasachta Tolmin mar atá inniu ann agus gan aon réamh-mhachnamh déanta ar an scéal.

Maidir le scríbhinní, ba é an chéad scríbhinn a tháinig chun cinn Fish Faronika. Rinneadh taifeadadh ar an amhrán traidisiúnta ársa seo ar dtús in Podmelec in 1886, agus bhí sé mar fhoinsé cáiliúil miotaseolaíochta do thaighdeoirí Slavaise, d'Ind-Eorpaise agus do dhream nárbh as an Eoraip iad ar chor ar bith. Scríobhadh trí leagan eile in Podmelec, agus iad fós ag deireadh an fichiú haois ag insint faoi iasc mór millteach atá ag iompar an domhain seo ar a dhroim; má chuireann sé a eireaball in airde beidh crith talún ann, má théann sé faoi báifear an domhan ar fad.

Tagann íosa aníos as an uisce agus é ag leanúint an ainmhí pháigánta neamhthrócaireach seo, agus cuireann sé teorainn leis an ár gan chiall atá ar bun: scarann sé na daoine ó chéile, iad siúd atá le scriosadh agus iad siúd nach bhfuil. Tá muid i gcroílár na háite ina mbuaileann an domhan páigánta agus an domhan Críostaí le chéile, ag tús na trócaire a thosaigh lán le dóchas, agus a gluaiseacht isteach sa domhan agus sa stair.

Ba é an Fish Faronika, a raibh sé an-tógtha leis, a bhronn Ivan Pregelj ar phríomhcharactar a úrscéil, *Plebanus Joannes (The Priest John)* – Janez Potrebujež, a ndeir an cuntas paróiste faoi go raibh sé ag feidhmiú mar bhíocáire i Séipéal Mhuire na Deastógála, an ceann a ndéantar ceiliúradh air sa dán *V Tminu tam na ilovi*, cur síos fileata ar fhinscéal faoin mbláth a thagann amach gach bliain nó mar sin ar an mballa tosaigh in aice le dealbh Naomh Muire, le ceathracha bliain ó 1516 go 1556. B’shin an uair ar bhuail an phlá ceantar Tolmin atá, ar ndóigh, ina dhúshlán maidir le ceisteanna faoi pheaca agus faoi phíonós: cén fáth an gcaithfidh gach duine i bhfad agus i ngearr bás a fháil? Tá an t-úrscéal nach bhfuil rófhada (agus a foilsíodh i 1921) suite idir Tolmin agus Volče áit a raibh namhaid mímhóralta Plebanus, de Menezeis, mar bhíocáire. Cuirtear carachtar áitiúil in aithne do na léitheoirí, carachtar a mbíonn coimhlintí gan stad aige mar gheall ar an troid atá idir an gcaoi a n-airíonn sé agus ar an gcaoi ar cheart dó aireachtáil, idir coinsias agus léargas, idir prionsabal agus toradh, idir collaíocht na collaine agus naofacht an anama. San úrscéal Tolminci (*The People of Tolmin*), bronann Pregelj an choimhlint inmheánach seo ar charachtar an tuathánaigh, Andrej Laharnar freisin a bhfuil pian air agus é gafa idir a chreideamh i ndeónú Dé agus an géarghá pearsanta atá aige dul ag agóidíocht; athmhúsclaíonn Ciril Kosmač an t-aighneas morálta céanna, mar a fheicfidh muid níos deireanaí sa charachtar Temnikar agus é á chiapadh – tuathánach atá i ról an eadránaí idir maireachtáil mhímhóralta agus seasamh morálta, agus é féin agus daoine eile thíos leis.

Is é éirí amach mór na dtuathánach in Tolmin an gníomh fuascailte is lárnaí i stair na tíre bige seo. Bhíodh cruálacht Chúnta Tolmin ina théama arís agus arís eile i scéalta béaloidis. Bhíodh pionós á chur ar mháistir Chnoc Kozlov Rob agus é á sheoladh go hifreann de bharr gur lig sé cead do thuathánach bás a fháil i siléar mar gheall ar fheoirling amháin, sin nó bhíodh sé le feiceáil go breá sásta á ithe beo beathach ag míola. Ansin i 1713, bhailigh tuathánaigh Tolmin le chéile ar Chnoc Mengore agus d’imigh siad leo lena muintir - a bhí i ngéibheann go héagórach i bpriosún Gorica - a shaoradh. Bhí an mháirseáil sin ina cúis le héirí amach áitritheoirí Chnoic Goriška Brd, a scaip go réigiún Vipava, agus a leathnaigh trasna Karst agus an bealach ar fad go Duino.

Bhunaigh na feirmeoirí reibiliúnacha ceardchumann na dtuathánach, bhí mianadóirí Idríja corraithe – tharla treascairt a phlúch aonad speisialta de shaighdiúirí Gearmánacha agus an *krajišniki* (ainmnithe i ndiaidh réigiún an Fronta Míleata, Vojna Krajina) ó Karlovac. Bhí patróil mhíleata ag dul i ndiaidh tuathánaigh a raibh amhras fúthu, fuair os cionn céad acu taithí phearsanta ar uafás charcair chaisleán Gorica; leag aon duine dhéag d’fheirmeoirí Tolmin a gceann ar an mblocán sa chearnóg os comhair shéipéal Gorica bliain tar éis don éirí amach a bheith curtha faoi chos. Tharraing cánacha, pionóis, gabháil acmhainní agus faireachas trioblóid sna háiteanna reibiliúnacha ar feadh píosa fada. Tá freascónna i Séipéal Naomh Muire na Deastógála in Podmelec (ó 1718 is dócha) - íomhánna dochreidte orthu de chiapadh cruálach na gcréatúr in ifreann - agus deirtear gurb é an t-atmaisféar achrannach seo a tharla mar gheall ar an gcur faoi chos a bhí ar bun tar éis an éirí amach a thug ionsparáid dóibh.

Sa fichiú haois, breathnaítear ar an éirí amach mar ábhar náisiúnta, sóisialta nó eiticiúil, nó go díreach mar théama spreagúil don scéalaíocht. Phléigh France Bevk an tréimhse éachtach seo de stair Tolmin faoin teideal céanna: *Iskra pod pepelom* (*A Spark in the Ashes*), *Iz iskre požar* (*Conflagration from a Spark*), *Tolminski punt* (*The Peasant Revolt in Tolmin*), agus *Pravica do življenja* (*Right to Life*); rinne Janez Dolenc leagan drámata den cheann deiridh. Scríobh Alojzij Remec an t-úrscéal *Veliki Punt* (*The Great Revolt*). Maidir le filocht, is í an tsraith soinéad *Tolminski Punt* (*The Tolmin Revolt*) a scríobh Alojz Gradnik an ceann is cáiliúla; thiontaigh fear as a thír féin, Zlatko Kaucic as an réigiún Brda, an téama céanna go snagcheol trialach beagnach céad bliain ina dhiaidh sin; scríobh an cumadóir Ubald Vrabec an ceoldráma *Tolminski Puntarji* (*The Rebels of Tolmin*), d’athfhuaimnigh an scríbhneoir amhrán Iztok Mlakar é, agus bhí sé mar thopaic i leagan de ghreannán leis an údar Iodálach, Remigio Gabellini; rinne na healaíontóirí Tone Kralj, Riko Debenjak agus Rudí Skocir pictiúir de. Bhunaigh an dealbhóir a rugadh in Tolmin, Bostjan Kavcic, an t-éirí amach mar gheall ar a dhealbh atá i lár na cathrach agus é mar chomórach trí chéad bliain air; agus a bhfuil ceann de na leaganacha is deireanaí den Fish Faronika bronnta air sa leabhar seo; bhí an t-éirí amach mar théama ón tús ag Silvester Komel, agus ag Ivan Cargo a rugadh in Tolmin. Is ar theaghlach reibiliúnach ó Tolmin agus iad ar deoraíocht in áit éigin idir na cnoic Cerknó agus Žiri atá an scéal in *Pustota* (*Waste Land*) bunaithe. Ach tá an léiriú liteartha is aitheanta ar an éirí amach, mar sin féin, in úrscéal Ivan Pregelj, *Tolminci* (*The People of Tolmin*); ina dhiaidh sin tá *Stefan Golija in njegovih* (*Stefan Golja and His Folks*), agus *Zadnji upornik* (*The Last Rebel*) agus a nóibhille cáiliúil *Matkova Tina* (*Tina from the Matko’s Inn*). Nuair a foilsíodh mar shraith san iris *Dom in svet* (*Home and World*) é ar dtús, ba *Tlacani* (*Serfs*) a bhí mar theideal ag Pregelj air, agus níor thug sé *Tolminci* air go dtí go raibh sé le foilsiú mar leabhar. Ar an mbealach sin, chruthaigh sé ábhar coiteann, a bhí athraitheach maidir le dílseacht agus seasmhach maidir lena gcearta. Sin nó is achoimre a bhí ann, mar go raibh “Tolminci” ina ainm cineálach do reibiliúnaithe tar éis dhá chéad bliain.

Cheap an chúirt *Landstande* in Gorica (*Provincial Estates*) gur phobal trioblóideach, ceandána agus pobal a raibh tuairimí láidre acu ab ea muintir Tolmin. Tugann France Bevk an léiriú céanna orthu in *Znamenja na nebu* (*Signs in the Sky*): tar éis dóibh an ceann is fearr a fháil ar Tolmin, ba ghearr go raibh ar bhuaiteoirí Gorica dul i ngleic leis an saol mar a bhí i ndáiríre, in áit na dílseachta a raibh siad ag súil léi ó na daoine a bhí fúthu. Mar sin féin, d’éirigh le Pregelj agus lena chomhghleacaithe go leor a scríobh fúthu agus a n-éirim a léiriú, mar atá déanta sa scéal faoi Anton Muznik, duine a rugadh in Most na Soči, agus a rinne iniúchadh agus cur síos ar atmaisféar Gorica sa dara leath den hochtú céad déag.

Tarraingíodh aird Tolmin ar chlampar ar bhun náisiúnta sa dara leath den naoú haois déag. Bhí an file Simon Gregorčič ina chónaí gar go leor den áit - duine de mhuintir na háite é d’fhéadfá a rá – agus bhí sé ina mhórphearsa bunúsach maidir le tuiscint náisiúnta ar an tSlóivéin (agus gan é ach ar scoil, dúirt sé dán comórtha ag ceann de na hócáidí cultúrtha/polaitiúla a dtugtaí *Bésede* orthu agus a bhíodh ar siúl go rialta i ‘gClub Léitheoireachta’ Tolmin – club sóisialta agus oideachasúil). Bhí na dlíodóirí Peter Kozler, Jovan Vesel Koseski, Karel Lavrič, and Henrik Tuma, comh-chruthaitheoirí tábhachtacha stair náisiúnta na Slóivéine, agus shaol áitiúil Tolmin a bheag nó a mhór, bhí siad san áit ag an am sin freisin. Ba anseo a bhí Kozler ag críochnú a chéad léarscáil cháiliúil den tSlóivéin, agus coimisiúin bailithe aige cheana féin; an fhianaise atá air seo sea a litir chrosta chasaoideach maidir leis an idirghabháil a rinne an chúirt mhíleata in Vín, a dhún a chló tástála agus a chlóphlátaí.

Bhí géarchéim phearsanta ag Karel Lavrič, duine goiliúnach, san am a raibh sé in Tolmin agus é ag iontú ó Chaitliceachas go Protastúnachas, agus ag déanamh iarrachta lámh a chur ina bhás féin mar gheall ar chumann ar tháinig deireadh leis; ach bhunaigh sé club léitheoireachta Slóivéineach do mhuintir na háite mar sin féin. Agus é ag fágáil Tolmin, scríobh “mac léinn giomnáisiam as Gorica” soinead croíúil ag fágáil slán leis; ba é Simon Gregorčič a scríobh an dán. Rinne Henrik Tuma cur síos greannmhar ar shaol an bhaile margaidh. Ní hé gur bhain sé féin spórt as, mar gur dhuine duairc agus leitheadach é, ach go raibh sé go hintleachtúil grinn agus dian. Tá difríocht shoiléir idir Tolmin agus na bailte mórtimpeall, a mbíodh sé ag tabhairt cuairt orthu agus ag moladh mhuintir na háite agus bríomhaireacht a dteanga: ba anseo a chonathas dó a bheadh cumas ceart agus tacaíocht don tionscadal a bhí le teacht ar bhun náisiúnta. I gcomparáid leis sin, chonaic sé an óinsíúlacht a bhí ar na daoine tábhachtacha sa bhaile margaidh, mar a bhí siad ag cur a ladar isteach i rudaí go deas éasca dóibh féin, agus mar a láimhseáil siad a gcuid dualgas ar bhealach mífhreagrach – an meascán seo de mhuintir Friuli, d’Iodálaigh ach Carniolans agus Crótaigh chomh maith, a tháinig chun na háite mar gheall ar phoist riaracháin, cléirigh, dream dlí agus pearsanra, muintir na háite a bhí ag obair dóibh, an t-aistriú údaráis agus na pribléidí beaga a chuaigh leo agus oiliúint i ndeaslabharthacht agus i dteacht i láthair os comhair an phobail - b’shin an fáth go ndearna muintir Tolmin ceiliúradh, agus an fáth go raibh siad cumasach ag an drámatúlacht.

(Tá sé spéisiúil, áfach, nó tipiciúil go bhfeiceann Ivan Kuk - duine áitiúil a d’fhoilsigh an “scéal” *Dantejeva jama (Dante’s Cave)* san iris *Prijatelj (Friend)* in Klagenfurt - an ceantar Tolmin céanna gan dealramh agus mar fhiántas neamhfhuascailte; nochtann radharc ó bharr Shliabh Migovec i dtreo Carniola Uachtar áilleacht ollmhór na sléibhte agus Loch Bled dó, a mórgacht intuigthe gan a bheith coinnte amach i dtéarmaí tuiscint náisiúnta; ach nuair a chasann sé i dtreo a ghleann dúchais, feiceann sé Cnoc Kozlov Rob agus é íseal leathan cosúil le coca féir piochta, agus lochán mínéata taobh thiar de, agus teastaíonn an lochán seo a líonadh anois agus arís fiú, mar nach mbíonn dóthain uisce ann i gcónaí). Bhí an-eolas ag Tuma agus cuimhne iontach aige, ní raibh díograis ná comhbhá ar iarraidh air, ní raibh aon amhras faoi bhua a chuid scéalaíochta, dá bhrí sin tá an chaibidil faoi Tolmin ina dhírbheatháisnéis ina hainilís bharrúil ar milieu Tolmin.

Tagann athrú ar gach ní le teacht an bhealaigh iarainn i 1906 agus leis an gcogadh domhanda deich mbliana ina dhiaidh sin. D’imigh breis agus leathchéad bliain sular tháinig an scéal ar fad le chéile maidir le hiarsmaí agus múnlaí an Chéad Chogadh Domhanda. Sa lá atá inniu ann, líonfadh na téacsanna stairiúla, na doiciméid agus na scéalta pearsanta leabharlann bheag; tá an buíochas is mó ag dul do Vasja Klavora faoin léargas a thugann sé ar an *Tolmin Bridgehead* – cheangail sé na scéalta áitiúla agus an stair mhíleata le chéile sa saothar atá luaite cheana, *Stepping Through the Fog*. I leabhar s’againne, roghnaíodh cúig dhearcadh éagsúla ar an áit uafásach seo. Tugann an t-oifigeach Gearmánach, Erwin Rommel anailís thirim fhíorasach agus feiceann sé ceantar Tolmin mar spás fisiciúil le marcanna airde agus ionaid suirbhéirí, láthair chogaidh óna mbíonn duine ag iarraidh an timpeallacht fhisiciúil a déanamh amach ar an léarscáil mhíleata. Déanann an chéad tuairisceoir cogaidh as an Ostair, Alice Schalek, aithris ar an dearcadh míleata seo, agus í sábháilte go leor os cionn na láithreach. Ach déanann sí iarracht é a bheochan le focail ó fhinné, agus í ag cur fíorchiall, taithe agus daoine daonna leis na téarmaí míleata. Imíonn muid ó ionad an áir agus faigheann muid taithe ar shaol na ndaoine áitiúla i nótaí dialainne an tsaighdiúra Shlóivéanaigh, Jakob Prešeren, a throid sna cathanna ba thromchúisí ar an Fronta Isonzo i rith na laethanta agus na n-óicheanta cinniúnacha sin i nDeireadh Fómhair, 1917.

Tá an cur síos atá aige ar an dara cath déag fíochmhar in Isonzo réalaióch go míleata de, ach chomh luath agus a théann sé isteach i dteach sa bhaile tá muid mar a bheadh daoine áitiúla nach n-osclódh an doras dó dá mba Ghearmánach agus eachtrannach a bheadh ann. Nuair a bhogann Prešeren ar aghaidh chun na siléir fuascailte fíona Friúilise a fholmhú, tagann Ciril Munih ina threo. Seo é biocáire St Lucia agus scéalaí Most na Soči agus na mbailte mórthimpeall, agus é ag déanamh cur síos ar shaol an phobail seo i rith an chogaidh .i. na daoine nár imigh leo agus nach n-imeoidh nuair a bheas na cathanna thart, daoine a ghlac le hualach an chogaidh agus a ghlacann leis mar a ghlacann siad le haon chinniúint gan taise gan trua.

Tagann na híomhánna le chéile ina freascó lán le cúrsaí míleata, áit a bhfuil fuaim na ngránáidí briste atá ag titim ag malartú le fuaimeanna an bhosca ceoil, agus tá an chinniúint chruálach atá i ndán dóibh siúd a buaileadh ag malartú le fuaim na n-amhrán, crúiscín fíona ar an mbord, mall san oíche, agus iad scanraithe go mbeidh siad ina dteifigh. Imíonn scéal an chogaidh ó gach a bhfuil taifeadadh ag an bpointe ama seo, ag bogadh ar aghaidh le Ciril Kosmač go dtí an cúigiú leagan liteartha, agus ag cur leis na híomhánna mar a bhí agus iad anois mar scéal muintearais agus scéal clainne ar thús cadhnaíochta i gcúrsaí staire. D'fhág na saighdiúirí séipéal beag adhmaid le dathanna geala Scaradh na Vín air in Javorca; ba é an t-aitire Víneach Remigius Geyling a dhear é i 1916 i gcuimhne ar a chomhshaighdiúirí a bhí ar lár. Thug an saighdiúir artléire as an Ostair, Oskar Kokoschka, léiriú ar Tolmin ina leabhar nótaí. Rinne an péintéir Slóivéineach Ivan Vavpotič pictiúir de chúrsaí ar na línte tosaigh agus sna ceantair máguaird. Roinn Maksim Gaspari, Hinko Smrekar agus Anton Koželj a gcuid buanna go fial nuair a rinne siad sraith cártaí poist dárbh ainm *Vojska v slikah (The War in Images)*; ba é an dán a scríobh Simon Gregorčič, *Soči (To the Soča River)*, chomh maith le cuid dá chuid dánta eile - a bhí ag spreagadh agus ag scaipeadh eolais faoi chúrsaí náisiúnachais - a ghríosaigh agus a chuir le léaráidí a bhí ar chártaí poist a bhí á n-úsáid i rith an chogaidh. Rinne Fran Tratnik cúpla léaráid bhríomhar de theifigh, cé gurbh in Ljubljana é, bunaithe ar na háiteanna a raibh eolas maith aige orthu ón am a raibh sé ann roimh an gcogadh.

Labhraíonn Prešeren agus Munih faoi gach a raibh na daoine áitiúla ag súil leis agus iad ag ceiliúradh scríos na hOstaire-hUngáire a raibh an ghráin acu uirthi, a mbealach déanta ag Slavaigh an deiscirt agus iad ag gealladh neamhspleáchais náisiúnta. Ina áit sin, bhí na háiteanna a bhí scriosta ag an gcogadh faoi smacht na nIodálach; bhí Tolmin mar chathair, chomh maith le healáin an réigiúin seo, faoi éagóir stairiúil sna 1920idí agus 30idí, déine faististeachais Mussolini, agus polasaí cinedhíothach ag séineadh teanga agus cultúir ann. Go deimhin, is mar fhorógra a thagann an tsraith soinead faoi éirí amach na dtuathánach in Tolmin, le ceann de na filí Slóivéineacha is fearr atá ann, Alojz Gradnik, chun solais. Is glaoh é i leagan fileata den éirí amach a bhí ann dhá chéad bliain roimhe sin le ceannairceacht náisiúnta a chur ar bun. Tá soinead *Štefan Golja to his father Simon Golja*, a thugann léiriú beacht ar fhrustrachas na haoise sin, sa leabhar seo. Tá an scéal céanna fíor faoi dhá shoinéad dár teideal *Tolmin*. Bhí Gradnik ag obair mar bhreitheamh agus é ina chónaí in Tolmin ar feadh achar gearr fiú, tar éis dó imeacht as Gorica nuair a thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda; bhog sé go Cerknó ina dhiaidh sin. (Thug file eile, Srečko Kosovel, cuairt ar na háiteanna seo - scríobh sé *vignette* fileata Tolmin thart ar an am céanna agus an teideal céanna air - ach bhí údar eile aige leis: ba mhac léinn í Fanica Obid as Bukovo, a chomrádaí idé-eolaíoch agus a ghrá geal, i gcoláiste oiliúnaTolmin).

Dá réir sin, samhlaítear cúrsa an chogaidh mar mhodh le dul chun slógaidh, mar fhorógra agus mar rabhadh le comhairleoireachta amharclainne agus le reitric shoiléir, le liostú deasghnách de logainmneacha na Slóivéine a bhí i gcontúirt go gcuirfí deireadh leo mar gheall ar an ‘Iodáil,’ agus sloinnte Iodálacha ina bhfoláireamh faoi stair fhada an ghéillte. Tá straitéisí den chineál céanna - faoi cheilt nó oscailte - le feiceáil i móitífeanna bíobalta a rinne an péintéir Tone Kralj, fear a ghlac páirt in athchóiriú séipéil i gcrios cladaigh na Slóivéine a scriosadh i rith an Chéad Chogadh Domhanda. Tugann na haspail Slavacha, Cyril agus Methodius ar thaobh na láimhe deise de theach an tsagairt i séipéal Volče – de réir Egon Pelikan – sracfhéachaint ar Naomh Peadar agus Naomh Pól ar thaobh na láimhe clé, a chuireann uilíochas an Chaitliceachais agus nósanna an tSlavachais/tSlóivéanaigh ar an leibhéal céanna. Tá sé soiléir gur caracatúir d’ionsaitheoirí Mussolini iad lucht magaidh agus dúnmharfóirí Chríost ar Thuras na Croise in eaglais St Lucia (Most na Soči), iad gléasta ar dhath bhratach na hIodáile agus na gnáthchaipíní faisisteacha orthu. Tá Mussolini le feiceáil in eaglais St Vitus in Šentviška gora agus an ghnáthchuma air a bhíodh air, a chosa scartha agus é ina mhaoirseoir fad agus atá naomh bocht á sciúrsáil ag beirt chéasadóirí a bhfuil sé an-soiléir gur saighdiúirí Naitsíocha agus Faisisteacha iad.

Tagann Ciril Kosmač chun cinn sa saol liteartha ag an am sin: tógtha mar thírghráthóir, iontach ó thaobh na hintleachta, gan é gustalach ó thaobh aicme de, ach thar aon rud eile an t-údar ba mhó talanna agus cruthaitheachta in Tolmin sa fichiú haois. D’éirigh leis ceangal a dhéanamh le baill den eagraíocht náisiúnach TIGR agus gan é ach san iarbhunscoil. Ba ghearr go raibh imscrúdaitheoirí póilínachta ar an eolas faoi agus, sa deireadh, i ndiaidh dó a bheith ciontaithe ag an triail sa Róimh (agus pardún faighte aige mar gheall ar chomh hóg agus a bhí sé), theith sé trasna na teorann go dtí an Iúgsláiv. Tharla an rud céanna do Kosmač agus a tharla d’intleachtóirí eile ón *Littoral*, Ivo Šorli (a rugadh in Podmelec) agus Ciril Drekonja (ó Ionannóch Temljine in aice láimhe) chuaigh siad ar an gcúlraid go dtí a mbunáit náisiúnach. Bhí Šorli ina chuid fichidí luatha nuair a scríobh sé a “litir chuig a chomhthírigh”, dlíodóir a raibh saol suaimhneach ar fáil aige óna phost mar nótaire poiblí; ba scríbhneoir cruthaithe é a raibh saothar beagnach críochnaithe aige, máistir ar an bprós earótach. Maidir le Kosmač agus Drekonja, níor tháinig a gcuid saothar le chéile go dtí tar éis 1930 nuair a tháinig siad go dtí an Iúgsláiv; ní nach ionadh, tá siad nasctha go dlúth ó thaobh téama de le réigiún Tolmin, a phobal tuathánaigh, agus a shuíomh tuaithe; bhailigh agus d’fhoilsigh Drekonja scéalta béaloidis ó réigiún Tolmin. Bhreathnaigh France Bevk ar a dhiongbháilteacht féin agus ar a ghníomhaíocht pholaitiúil agus liteartha i measc mhuintir na háite mar a phríomh-mhisean, agus dhiúltaigh sé imeacht go Ljubjana, áit a mbeadh timpeallacht oibre níos sábháilte agus níos uileghabhálaí aige. I rith an ama a raibh méadú tagtha ar an bhfoiréigean, chuir sé síos ar Tolmin sa 14ú haois, léirithe ag achrann idir easpaig Aquileia agus cuntaí Gorica i gceann de na cuntais ba mhó de stair Tolmin, an trílóg *Znamenja na nebu* (*Signs in the Sky*).

Scríbhneoir agus iriseoir a thug cuntais ar eachtraí eile phobal Littoral na Slóivéine faoin Iodáil ab ea Janko Perat. Tar éis an chogaidh, scríobh sé *Golo upanje* (*Naked Hope*), a rinne athbheochan ar na heachtraí a tharla ag teorainn Tolmin idir an Iodáil agus an Iúgsláiv, áit a raibh polaitíocht measctha le scéalta smuigleála a d’iompaigh isteach ina ngníomhaíocht spiadóireachta agus ina scéal slándála ar bhonn náisiúnta. Ag deireadh na tréimhse tagann dán le Simon Kos, cosantóir sa Dara Triail Trieste, amach - dán faoi phríosúnach meidhreach a cheapfá (ach mar a tharlaíonn, is dán brónach é nuair a chloiseann muid an deireadh atá air).

Ba chuma le ball óg na gluaiseachta TIGR, agus é ag gáire go lúcháireach agus go hoscailte faoi thromchúiseacht a ghníomhaíochta frith-stáit, gníomhaíocht a raibh a chomhpháirtithe faoi ghlas i gcillíní eile mar gheall uirthi; é ag maíomh nach raibh i gceist ach coir a bhí cosúil le smuigleáil nó foiréagan fisiciúil a tharlaíonn in achrann go laethúil. Bhí sé ag tnúth le dul ag rógaireacht lena chairde arís tar éis teacht amach as an bpriosún. Ar an 14 Nollaig 1941, gearradh pionós an bháis air agus, de réir mar ba chuimhin le Dorče Sardoč, ba é an t-aon duine den cheathrar é nár thuig gach a raibh ag tarlú; chaoin sé ar feadh na hoíche, tar éis fógra na breithe, go dtí gur tugadh chuig an áit ar cuireadh chun báis é le maidneachan lae.

Ar an mbealach díreach céanna, eachtraíonn an file tuaithe Pavla Leban staid intinne ghinearálta, cúrsaí morálta agus feacht san uair ar athraíodh ó fhrithbheartaíocht éighníomhach go gluaiseacht na sairse. Chuir léiriú ealaíonta Kosmač - ar an ábhar céanna - ceann de na saothair ba thábhachtaí ó thréimhse an Dara Cogadh Domhanda ar fáil, an t-úrscéal *Balada o trobenti in oblaku (Ballad of the Trumpet and the Cloud)*. Tugann coimhlintí inmheánacha Jernej Temnikar ar ais go carachtar Janez Potrebujež muid, agus mar atá rogha le déanamh faoi íobairt dhosheachanta aige. Tá an tuathánach aosta agus an t-aoire anama araon le feiceáil agus iad imithe amú i lár thírdhreach Tolmin, a dteach ministir sábháilte agus feirm an teaghlaigh bainte díobh, péiste gan tábhacht faoi mheall trom Shliabh Krn; caithfidh siad ualach a gcuid daonnachta a roghnú, a bhaint amach agus a iompar.

Tháinig *The Ballad of the Trumpet and the Cloud* ar an bhfód den chéad uair san iris *Naša sodobnost (Our Contemporaneity)* i 1956, trí bliana tar éis do Kosmač scéal pearsanta a mhuintire a bhailiú le chéile, chomh maith leis an saol baile a bhí ann nuair a tharla eachtraí cinniúnacha na fichiú haoise: pléann a úrscéal *Pomladni dan (A day in Spring)* an Chéad Chogadh Domhanda, titim impireachta na hOstaire-Hungáire, faisisteachas, gluaiseacht an fhrithfhaisisteachais, agus neamhspleáchas náisiúnta agus sóisialta. D'éirigh leis an údar, a bhí ina scríbhneoir agus ina iriseoir sa Fhrainc agus sa Ríocht Aontaithe, cur síos a dhéanamh ar an stair - a raibh neart di ann – sa dúiche beag seo, agus an téacs breá a chur ar fáil faoi cheantar Tolmin. B'shin i ndiaidh dó teitheadh ó aeráid phlúchtach fhaisisteach na hIodáile agus filleadh le harm sairse.

Déanann úrscéal Saša Vuga, *Opomin k čuječnosti (A Reminder to Mindfulness)* cur síos ar na hiarsmaí gruama agus na ceistanna gan réiteach a bhí ann tar éis an chogaidh. Bheadh sé deacair aige suíomh níos fearr ná Mengore “an scrín bheag seo i measc na sléibhte” a roghnú dá charactair dhorcha - áit chruinnithe do thuathánaigh Tolmin sular mháirseáil siad go Gorica agus go *Mary's Hill*, de réir thuairisciú Alice Schalek. Dá mbeifí chun na coirp a charnadh in aice lena chéile i rith an Chéad Chogadh Domhanda, ní bheadh an cnoc beag seo sách mór, a deir ceann de na scáilí in úrscéal Vuga: maraíodh an oiread sin saighdiúirí anseo i rith an chogaidh. Feicfidh muid Cnoc Mengore arís sa dán le Ljubka Šorli, a dhéanann achoimre ar an tréimhse iarchogaidh cúpla leathanach níos deireanaí: bhí mar a bheadh áit a raibh dearmad déanta ag Dia air thart ar an séipéal a bhí ag an mbarr. Níl ort a bheith cráifeach chun an t-easpa diagachta seo a thabhairt faoi deara, agus tnúth a bheith leis an am nuair a athmhúsclófar lasair bheag an chreidimh agus na céille agus go dtarraingeoidh sé oilithrigh. Am le cúiteamh a bhaint amach ar dhream creidimh agus ar shagairt a bhí ann – is fianaise iad cuimhní *Moje celice (My Cells)* le Jožko Kragelj, a daoradh chun báis ag an triail phoiblí i 1949, air seo (laghdaíodh a phionós go príosúnacht níos deireanaí).

Tháinig an moladh iontach seo as úrscéal Pierb Paolo Pasolini a bhí ar an taobh eile den teorainn, in Friuli: bhí an stát - a raibh sé de dhánaíocht ann an cumhacht a bhaint de shagairt agus d'úinéirí talún - ag lonnú go geal ar chúl na gcnoc san oirthear, mar a bheadh parthas sóisialta ann. Ní fhéadfadh an dallamullóg a bheith ní ba neamhbhailbhe do na buachaillí tuaithe a d'éalaigh chuig an áit agus iad ag caitheamh a gcéad oíche i bpriosún Tolmin. Bhí buachaillí óga ar an taobh seo a bhí chomh díocasach céanna dul i dtreo theorainn na hIodáile le go bhfaighidís tír faoi mhil agus faoi bhláth.

Rinne an t-amhrán *Mala Tolminka (The little girl from Tolmin)* a bhealach isteach sna téacsanna iarchogaidh chomh maith. Ba go fánach ag tús na milaoise a tháinig cáil air mar gheall ar an bhfionn a bhí leis, agus go mór mór mar gheall ar na liricí: véarsa amháin faoi leith a théann go simplí ón áilleacht chreathach agus nádúrtha go híomhá de mhonarchana, iad á lasadh suas tráthnóna faoi sholas na gealaí: tagairt do thionsclaíocht atá ag déanamh a bhealach isteach in abhantrach Tolmin. Chan Onelio Supplizi, a rugadh in Tolmin idir an dá chogadh, óid mhaoithneacha cosúil leis, a rinne cur síos ar áilleacht na radharc áitiúil thart ar dheich mbliana ina dhiaidh sin. D'fhág na healaíontóirí Riko Debenjak agus France Pavlovec pictiúir nach raibh chomh maoithneach mar ábhar.

Mar sin féin, is í fíorfhile Tolmin Ljubka Šorli Bratuž ar ndóigh. Rugadh in Tolmin an banfhile seo agus rinneadh cleamhnas di in Gorica, áit ar bhásaigh a fear, an stiúrthóir cóir Lojze Bratuž. Chuir faisistithe iachall air ola meaisín a ól, agus fuair sé bás dá bharr, agus d'fhulaing sí féin go huafásach sa phriosún in Trieste níos deireanaí. Tugann na híomhánna aoibhne faoi Tolmin atá ina cuid filíochta tréimhse céad go leith bliain chun críche: filí agus banfhilí ag líonadh soitheach na filíochta le teachtaireachtaí tírghrách, mothúcháin a bhaineann le dúil, le ciontacht agus le buíochas nó ag déanamh ceiliúradh ar radhairc shíochánta an tírdhreacha taobh le hAbhainn Soča. Chuireadh an cumadóir agus an t-ollamh, Makso Pirnik smaointe i gcloigne mhic léinn choláiste na n-ábhar oidí (a bhí ina halla gleacaíochta ina dhiaidh sin) agus iad i mbun comhráite gan stad ar a lochtán in Sráid Bazovica; bhíodh leabhair óna leabharlann lán luachmhar ag dul ó dhuine go duine; ba anseo a mhúnlaigh Rudi Šeligo, Dane Zajc, Evgen Bavčar, Aldo Kumar, Darko Komac, Sarival Sosič and Boris Jukić a bpróifíl agus a ndearcadh saoil, chomh maith le sárghair léinn agus intleachtóirí eile as an tSlóivéin; ba é próis Jukić faoi thréimhse iarchogaidh na Slóivéine an t-aon fhíorphrós ó Tolmin: athinsíonn a nóibhille *Klavir (The Piano)* an scéal ceart faoi theacht Pirnik chuig an mbaile beag le hais Abhainn Soča, agus spiorad dúr na haoise. Lean Janez Dolenc, Slavach agus eitneolaí (fear ciúin eile ón tionól céanna) ag tiomáint a chuid mac léinn le go gcuardódh siad gach orlach de Tolmin le scéalta béaloidis a fháil, fiú in áiteanna nach raibh aon cheann fágtha; foilsíodh beagán dá chuid oidhreachta ach caithfear plé leis an gcuid is mó de fós. Glúin níos deireanaí, cruthaíodh meascán de théacsanna beatháisnéasacha agus cócaireachta dár teideal *Ostružki (Scrapings)* le Helena Čujec Stres sa scoil chéanna sin. D'fhág an t-ealaíontóir a raibh oiliúint acadúil air agus a bhíodh ag péinteáil ina chuid am saor, Ljubo Brovč, pictiúir bhreátha den seanTolmin. Bhíodh sé ag cur ógánaigh na meánscoile ar an eolas faoi mhínealaíona an domhain an chuid eile den am. Ag an am céanna, bhíodh Rudi Kogej ag piocadh crotal coiteann in altán Tolminka agus in aice aibhneacha Soča mar go raibh sé ag iarraidh dathanna ón dá áit a thabhairt leis. Bhí coimisiún sách maith ag dul dó as seo, ach bhí frustrachas air freisin mar go mbíodh sé sáinnithe ag na móitifeanna céanna arís agus arís eile: deireadh sé go minic 'má tá an oiread sin suime acu in uisce, ba cheart dóibh é a chur i mbuidéil.' Bhí an cumadóir, Uroš Rojko ag teacht ar an tuiscint faoi féin gur thaitin an clairinéad go mór leis, agus é ina dhalta bunscoile anseo.

Ag an am céanna, i lonnaíocht Volčanski Ruti ó dheas de Tolmin, rinne an t-eitneolaí, Pavel Medvešček, taifeadtaí a chroitheadh ní hamháin muintir Tolmin leathchéad bliain ina dhiaidh sin, ach muintir na Slóivéine ar fad - nuair a léiríodh go raibh rialacha, cumann agus dearcadh saoil an chreidimh a bhí ann leis na céadta bliain ag imeacht leo i ngan fhios.

Tar éis iarrachtaí saoirse a bhaint amach i 1991, dúnadh post míleata Tolmin, agus níor bheag sin: bhí an-bhaint ag an arm le forbairt an bhaile mhargaidh seo. Ba mheafar tráthúil agus daonna don bhaile é clár fáisnéise Miloš Batistuta, faoi athrú éadaí na saighdiúirí a d'éalaigh agus é barúil leis, agus an baile ag athrú ón saol 'faoi éide' isteach ina shaol 'sibhialtach.'

Is suíomh do dhéantóirí scannán é Tolmin sa tríú mílaois. In 2001, insítear scéal Tolmin i scannán Jan Cvitkovič, *Kruh in mleko (Bread and Milk)*, scannán a dhéantar ar na sráideanna áitiúla agus a bhfuil daoine atá ag maireachtáil faoi thalamh le feiceáil. Déanann liricí agus taispeántas an cheoil áitiúil - leis an mbanna ceoil *Tminski madrigalisti* - ceiliúradh ar an spiorad seo; fanann sé fréamaithe go dílis don rud áitiúil, fad agus atá sé ag plé le traidisiún na gcuntaí agus na gceannairceach trí scigaithe agus trí mhagadh. Idir an dá linn, is i haiku trí véarsa a thosaítear ag scríobh na filíochta. Ba é Dimitar Anakiev a thosaigh orthu seo in Tolmin, tar éis dó a chulaith mhíleata dochtúra a bhaint de; agus d'éirigh leis an bhfile agus an múinteoir ceoil Jože Štucin áit tionóla idirnáisiúnta a bhunú d'fhilí óga haiku i rith na mblianta. Tá cúrsaí neamhspleách anois; is mar thoradh, mar thuairim, nó mar scéal le hinsint do thurasóir eachtrannach atá an stair chiotach ann faoi láthair. Pléisiúr agus súgradh – sin a d'fhéadfadh muid a rá tar éis scéal Andrej Lupinc a léamh. Leanann an nádúr agus an seó orthu ag déanamh malartú ar an machaire seo faoin gCaisleán, agus in altáin agus i sléibhte Tolmin mar a rinne riamh sa saol, agus ní bhacann an stair leo ach amháin nuair "... a éiríonn roicéad glas agus é ag lasadh suíomh an ionsaithe le bladhm dhearglasta," mar a dúirt Alice Schalek.

BUÍOCHAS

Buíochas le gach duine a d'aimsigh foinsí, a thug smaointe, agus a réitigh an bealach don imleabhar seo. Ar dtús Branko Marušič, Músaem Tolmin, Marko Grego ach go háirithe, leabharlann Ciril Kosmač, bardas Tolmin, gach duine a d'fhreagair mo chuid téacsanna ach ar fágadh i leathtaobh de réir mar a chuaigh an coincheap ar aghaidh, oidhrí na n-údar a bhfuil saothar foilsithe leo, agus go leor eile ar bualadh ar a ndoras. Buíochas speisialta don togra EU *Other Words*, a chuir ar mo chumas an eagarthóireacht dheireanach a dhéanamh agus an réamhrá a scríobh i rith mo thréimhse cónaitheachta in Bitola i Meán Fómhair 2016.